An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

EUCO 19/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0810 (NLE)**

ECOFIN 956
INST 370
UEM 266
CO EUR 15

**GNÍOMHARTHA DLÍ**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE EORPACH lena gceaptar comhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh |

**CINNEADH (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE EORPACH**

**an …**

**lena gceaptar comhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh**

TÁ AN CHOMHAIRLE EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 283(2) de,

Ag féachaint don mholadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh[1],

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[2],

Ag féachaint don mholadh ó Chomhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh[3],

1 IO C 334, 22.9.2023 lch 1.
2 Tuairim an ... Deireadh Fómhair 2023 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).
3 IO C, C/2023/99, 2.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/99/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceapadh Fabio PANETTA ina chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh ón 1 Eanáir 2020 i leith ar feadh téarma oifige 8 mbliana. An 12 Iúil 2023, chuir Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh in iúl d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí cinneadh Fabio PANETTA éirí as a phost le éifeacht ón 1 Samhain 2023.

(2) Is gá mar sin comhalta nua de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh a cheapadh.

(3) Is mian leis an gComhairle Eorpach Piero CIPOLLONE a cheapadh, duine a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 283(2) den Chonradh, de réir a tuairime,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar leis seo Piero CIPOLLONE ina chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh ón 1 Samhain 2023 i leith ar feadh téarma oifige 8 mbliana.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh …,

*Thar ceann na Comhairle Eorpaí*
*An tUachtarán*